

Mí Eorpach na Cibearshlándaíla 2022: Deich mBliana de Mhúscailt Cibearfheasachta ar fud na hEorpa

Seolann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándaíl (ENISA) na gníomhaíochtaí atá mar chuid d'fheachtas feasachta Mhí Eorpach na Cibearshlándaíla (ECSM) agus fógraíonn an Gníomhaireacht buaiteoirí trí ghradam de chuid ECSM le haghaidh an fhíseáin, na grafaicí faisnéise agus an ábhair teagaisc is fearr.

Chun comóradh deich mbliana a dhéanamh ar ECSM, díreofar in ECSM 2020 **ar an bhfioscaireacht** agus ar **bhogearraí éirice**, agus beidh sraith gníomhaíochtaí ar siúl ar fud an Aontais mar chuid de.

Comhdhálacha, ceardlanna, seisiúin oiliúna, seimineáir ghréasáin agus babhtaí de thráth na gceist, sin cuid den iliomad gníomhaíochtaí atá á n-eagrú ag ENISA agus na Ballstáit. Tá [na gníomhaíochtaí feachtais](#) ar féidir le húsáideoirí páirt a ghlacadh iontu le fáil ar [shuíomh gréasáin Mhí Eorpach na Cibearshlándaíla](#). Chun ábhair feachtais na mBallstát a chur chun cinn ar bhealach níos fearr agus chun gníomhaíochtaí na bpáirtithe leasmhara a chur i láthair, chuir ENISA Gradaim ECSM leis an bhfeachtas den chéad uair i mbliana.

I ndeireadh na dála, is é is aidhm d'fheachtas ECSM athléimneacht chórais agus sheirbhísí an Aontais a neartú trí chur ar chumas do shaoránaigh gníomhú mar bhallaí dóiteáin daonna éifeachtacha agus, ar an gcaoi sin, céim bhreise a ghlacadh i dtreo sochaí níos cliste ó thaobh na cibearshlándaíla de.

Go sonrach, is é is aidhm do ECSM 2022 dul i dteagmháil le gairmithe idir 40 agus 60 bliain d'aois ó gach earnáil den gheilleagar, ag díriú go háirithe ar FBManna. Tá sé beartaithe freisin don phobal gnó Eorpach ina iomláine agus do dhaoine a bhfuil a gcuid oibre ag brath ar theicneolaíochtaí digiteacha agus ar uirlisí digiteacha.

Tá Mí Eorpach na Cibearshlándála 2022 (ECSM) ar siúl ag aon am leis an gcomóradh 10 mbliana ó seoladh í den chéad uair in 2012. Tá an feachtas ina dhlúthchuid de na gníomhaíochtaí atá ceaptha chun forálacha Ghníomh an Aontais um Chibearshlándáil maidir le múscailt feasachta agus oideachas a chur chun feidhme

Seo mar a labhair an Leas-Uachtarán um ár nDóigh Bheatha Eorpach a chur chun cinn, **Margaritis Schinas**: *'Is gníomhaíocht shuaitheanta í Mí Eorpach na Cibearshlándála, tá sí mar chuid dár n-iarrachtaí chun cabhrú le saoránaigh agus páirtithe leasmhara an Aontais Eorpaigh a bheith sábháilte ar líne. Agus an tAontas Eorpach á chosaint le réimse leathan beart chun slándáil an Aontais a chosaint, ní mór saoránaigh eolacha a bheith againn agus iad mar chuid dár nAontas Slándála. Cuideoidh feachtas na bliana seo le gach aon duine foghlaim agus tuiscint a fháil ar an gcaoi lena shaol laethúil a chosaint ar bhagairtí nua atá ag teacht chun, cuir gcás bogearraí éirice.'*

Seo mar a labhair an Coimisinéir um an Margadh Inmheánach, **Thierry Breton**: *'De réir mar a éiríonn ár sochaithe níos idirnasctha, tá an cibir-riosca ag dul i méid. Ceann de na bealaí is fearr chun sinn féin a chosaint is ea an oiliúint agus an chibirfheasacht, sa ghnáthshaol san áireamh. Is é sin atá i gceist le Mí na Cibearshlándála, agus tá sé cruthaithe go maith go bhfuil sé fiúntach le 10 mbliana anuas.'*

Is é a dúirt **Juhan Lepassaar**, Stiúrthóir Feidhmiúcháin ENISA: *'D'fhéadfaí líon na n-ionsaithe ar líne a n-éiríonn leo a laghdú go mór dá mbeadh a fhios ag níos mó daoine conas is féidir na hionsaithe a bhrath agus freagairt dóibh. Is é sin atá i gceist le gníomhaíochtaí Mhí Eorpach na Cibearshlándála. Leis na gradaim nua a tugadh isteach i mbliana beidh tuilleadh infheictheachta agus dreasachta chun uirlisí agus feachtais a fhorbairt chun cabhrú le saoránaigh an Aontais. Is céim thábhachtach eile é sin i bhforbairt ECSM le deich mbliana anuas. Is éard atá i gceist le hEoraip atá iontaofa agus cibearshlán a thógáil chomh maith, cuidiú le gach gnólacht dul chun cinn a dhéanamh i dtimpeallacht dhigiteach shlán.'*

Gradaim ECSM

Is tionscnamh nua é Gradaim ECSM a thagann faoi gníomhaíochtaí fheachtas ECSM. Vótálfaidh ionadaithe na mBallstát atá rannpháirteach sa phróiseas gach bliain do na hábhair is nuálaí agus is suntasaí a táirgeadh d'fheachtais ECSM roimhe seo. Iarradh ar na Ballstáit vóta a chaitheamh mar gheall ar liosta ábhar feachtais a cuireadh isteach sa chomórtas.

Tréaslaíonn ENISA leis na Ballstáit ar éirigh leo as a gcuid saothar rathúil, agus is iad seo a leanas buaiteoirí ghradaim ECSM 2022:

An físeán is fearr:

1. An tSlóivéin: [Ba mhaith le Darko a chailín a thabhairt ar thuras](#)
2. An Bheilg: [Tá lá na bpasfhocal thart. Consaigh do chuntais ar líne le fíorú dhá fhachtóir](#)

An ghrafaic faisnéise is fearr

Éire: [Bí thusa i d'imscrúdaitheoir cibearshlándála féin](#)



An t-ábhar teagaisc is fearr

An Ghréig: [Cluichí tóraíochta taisce i gcomhair bunsoileanna](#)

I gcás ghradaim 2022, aistrefar an t-ábhar buaiteach i ngach teanga de chuid an Aontais agus cuirfear chun cinn é laistigh d'fheachtas na bliana reatha. Tá sé d'aidhm ag ENISA an comórtas sin a eagrú gach bliain.

Fioscaireacht & Bogearraí éirice i mbeagán focal

Is cineál ionsaí é **an fhioscaireacht** a dhéantar i gcumarsáid dhigiteach. Ligeann t-ionsaitheoir air féin a bheith iontaofa agus meallann sé an t-íospartach spriocdhírthe chun faisnéis phearsanta, sonraí airgeadais nó cóid rochtana a chur ar fáil. Is é an t-aon bhealach chun dul i ngleic leis na hionsaithe sin daoine a chumhachtú agus na huirlisí agus na cleasa cearta a thabhairt dóibh chun na hionsaithe sin a bhrath agus dul isteach sna gaistí sin a sheachaint.

Aithnítear **bogearraí éirice** mar an cineál ionsaí cibearshlándála is tubaistí le deich mbliana anuas, rud a imríonn tionchar ar eagraíochtaí de gach méid ar fud an domhain. Is cineál ionsaí digiteach eile é, a chuireann ar chumas gníomhaithe bagartha sócmhainní an íospartaigh a rialú agus airgead fuascailte a éileamh mar mhalairt ar infhaighteacht agus rúndacht na sócmhainní sin.

Teagmháil

Chun ceisteanna a chur orainn maidir leis an bpreas agus maidir le hagallaimh, déan teagmháil le [preas\(ag\)enisa.europa.eu](mailto:preas(ag)enisa.europa.eu)

